



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

12769/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0244(NLE)

RECH 345
COASI 167

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le rannpháirtíocht na hAstráile i gclár an Aontais.

CINNEADH (AE) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe
idir an tAontas Eorpach agus an Astráil
maidir le rannpháirtíocht na hAstráile i gcláir an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹,

¹ Toiliú an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2026/... ón gComhairle²⁺, síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le rannpháirtíocht na hAstráile i gcláir an Aontais ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais an ...⁺⁺, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin ar dháta níos déanaí.
- (2) Bunaíodh Clár an Aontais, Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht don tréimhse 2021-2027 le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.
- (3) Mar a d'údaraigh an Chomhairle, rinneadh an Prótacal maidir le comhlachas na hAstráile le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a chaibidliú i gcomhthreo leis an gComhaontú agus, de bhun Airteagal 15(14) den Chomhaontú, is cuid dhílis den Chomhaontú é.

² Cinneadh (AE) 2026/... ón gComhairle an ... maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le rannpháirtíocht na hAstráile i gcláir an Aontais (IO L, ..., lch. ...).

⁺ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 12768/26 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

⁺⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 12770/26.

³ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj>).

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le rannpháirtíocht na hAstráile i gcláir an Aontais.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha⁴.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

⁴ Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.